Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**10265/25**

**CORDROGUE 77
SAN 359**
***EUDA***
***EUROPOL***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Comhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad ag an 4102ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**An Comhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua sna conclúidí ón Aontas Eorpach**

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

*Aithníonn sí* an méid a baineadh amach le Comhaontú Eorpach 2011 i gcoinne Drugaí Sintéiseacha[1] agus admhaíonn sí gur gá aghaidh a thabhairt ar bhagairtí na ndrugaí sintéiseacha chun críoch neamhleighis agus neamheolaíoch atá ag teacht chun cinn go tapa, go háirithe ópóidigh shintéiseacha agus cáitíonóin shintéiseacha, mar a léiríodh sa Tuarascáil Eorpach um Dhrugaí 2024 agus sa Mheasúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) 2025.

*Athdhearbhaíonn sí* go bhfuil sí tiomanta dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe a bhaineann le drugaí agus *admhaíonn sí* an bhagairt leanúnach a bhaineann léi do shábháilteacht, do shlándáil agus do rathúnas an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach.

*Athdhearbhaíonn sí* tiomantas an Aontais do chur chuige fianaise-bhunaithe, comhtháite, cothrom agus ildisciplíneach i leith fheiniméan na ndrugaí lena ndírítear ar sholáthar drugaí a laghdú, an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú trí sheirbhísí coisc, cóireála agus cúraim, agus an dochar a bhaineann le drugaí, i gcomhréir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025[2] agus le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025[3].

---

[1] 15544/11.
[2] Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh (2021-2025) (IO C 102I,24.3.2021, lch. 1).
[3] Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí (2021-2025) (IO C 272, an 8.7.2021, lch. 2).

*Meabhraítear di* go bhfuil gníomhaíochtaí áirithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treochlár an Aontais Eorpaigh chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[4], a foilsíodh an 18 Deireadh Fómhair 2023, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha, lena n-áirítear leathadh drugaí réamhtheachtaithe dearthóra a chomhrac, cur isteach ar líonraí coiriúla, agus comhghuaillíochtaí a chur ar bun, i gcomhréir le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le drugaí 2021-2025 agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025[5].

*Tugann sí dá haire* go bhfuil meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar chur chun feidhme Straitéis agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le drugaí 2021-2025, a dtacóidh torthaí na meastóireachta sin le creat straitéiseach nua an Aontais maidir le drugaí a ullmhú.

*Is eol di* gur iarr stiúrthóir Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) ar chomhpháirtithe an Aontais agus ar na Ballstáit gníomhú chun iad féin a ullmhú d'ópóidigh shintéiseacha nua, agus chun freagairt orthu.

*Aithníonn sí* gurb é an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) ceann de phríomhghnéithe fhreagairt oibríochtúil an Aontais ar an gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear bagairtí drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, trí chomhar i bhforfheidhmiú an dlí, imscrúduithe comhpháirteacha, agus comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus comhpháirtithe idirnáisiúnta a chothú.

*Cuireann sí i bhfios go láidir* a thábhachtaí atá sásra malartaithe faisnéise, i measc nithe eile, idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis chustaim, chun feabhas a chur ar éifeachtacht imscrúduithe trasteorann, chun cur isteach ar líonraí gáinneála, agus chun na coireanna atá bainteach le drugaí sintéiseacha a bhrath agus a chosc ar bhealach níos fearr.

*Tugann sí dá haire* an ról ríthábhachtach atá ag córas luathrabhaidh an Aontais maidir le substaintí sícighníomhacha nua atá ag teacht chun cinn a shainaithint, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leo agus freagairt orthu trí mheasúnuithe riosca foirmiúla a dhéanamh chun tacú le bearta rialaithe.

---

[4] 14114/23.
[5] 8085/21.

*Tugann sí dá haire* bunú an chórais Eorpaigh um fholáireamh drugaí (EDAS) chun na rioscaí tromchúiseacha don tsláinte, don leas sóisialach, don tsábháilteacht agus don tslándáil a bhaineann le drugaí a shainaithint agus a chur in iúl do na húdaráis náisiúnta, do chleachtóirí, lucht ceaptha beartas agus don phobal.

*Aithníonn sí* bunú an líonra nua saotharlann ar féidir leo tacú le hullmhacht sa réimse sin, agus sonraí fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha a dhearbhaítear go hanailíseach mar bhonn taca leis.

*Tugann sí dá haire* bunú shásra nua EUDA um Measúnú ar Bhagairtí arb é an ról atá aige freagairtí ar bhagairtí sláinte agus slándála atá ag teacht chun cinn san Eoraip agus a bhaineann le drugaí a mheasúnú agus a shainaithint.

*Aithníonn sí* na rioscaí a bhaineann le leathadh drugaí sintéiseacha agus na bagairtí méadaitheacha a bhaineann leo don tsláinte phoiblí agus don tslándáil phoiblí, go háirithe ópóidigh shintéiseacha, mar shampla, feantainil, a hanalóga, agus níotaiséiní, arb iad is cúis le líon méadaitheach ródháileog marfach i réigiúin áirithe san Eoraip.

*Meabhraítear di* Rún 68/5 ón gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i mí an Mhárta 2025, lena spreagtar na Ballstáit chun freasaithigh gabhdóra ópóidigh a chur chun cinn agus a chur ar fáil, mar shampla, nalocsón nó cógais eile aisiompaithe ródháileog ópóideach, mar bheart éigeandála chun beatha daoine a shábháil, agus rúin roimhe seo ón gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, mar shampla, Rúin 67/4, 62/4, agus 55/7 ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le freasaithigh gabhdóra ópóidigh, mar shampla, nalocsón, chun básmhaireacht a bhaineann le drugaí a laghdú.

*Aithníonn sí* go bhféadfadh ópóidigh shintéiseacha leathadh go tapa agus go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an tAontas agus a Bhallstáit in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh fáil ar a dhóthain gairmithe sa réimse, go mbeidh oiliúint leordhóthanach orthu agus go mbeidh teicneolaíocht bhraite acu chun comharthaí luathrabhaidh a shainaithint agus chun iad a chur in iúl go pras do na húdaráis ábhartha.

*Leagann sí béim* ar leathadh cannaibionóideach sintéiseach agus leathshintéiseach, cáitíonóin shintéiseacha agus céataimín, ar dúshlán suntasach fós iad don tsláinte phoiblí, d'fhorfheidhmiú an dlí agus do chreataí rialála.

*Leagann sí béim* ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach i leith bagairtí drugaí sintéiseacha trí chúram fianaise-bhunaithe inrochtana a sholáthar do dhaoine a úsáideann drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, lena n-áirítear cóireáil, cosc, laghdú dochair, agus téarnamh, agus freagairtí sláinte poiblí agus forfheidhmithe dlí á gcomhtháthú ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an tsaincheist agus chun seasamh le cearta an duine i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an bheartais drugaí.

*Cuireann sí i dtreis* freagracht an Aontais mar mhór-réigiún úsáideoirí agus táirgeoirí drugaí sintéiseacha chun críoch neamhleighis agus neamheolaíoch, go háirithe MDMA, amfataimín agus meitiolamfataimín chomh maith le cáitíonóin shintéiseacha, agus tugann sí dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar mhí-úsáid céataimín, agus go n-éilíonn sin cur chuige réamhghníomhach.

*Aithníonn sí* na hardmhodhanna a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe chun dul timpeall ar rialacháin atá ann cheana, lena n-áirítear réamhtheachtaithe agus réamhtheachtaithe masctha a úsáid, agus *cuireann sí i dtreis* gur gá an fhoráil 'uileghabhálach' a úsáid, i gcás inarb infheidhme, agus smaoineamh ar nuashonruithe dlíthiúla agus teicniúla a dhéanamh ar rialacháin an Aontais maidir le réamhtheachtaithe, bunaithe ar thoradh na meastóireachta ar rialacháin an Aontais maidir le réamhtheachtaithe drugaí.

*Leagann sí béim* ar a thábhachtaí atá bainistiú éifeachtach riosca custaim agus rialú éifeachtach ar dhrugaí sintéiseacha, ar shubstaintí sícighníomhacha nua agus ar réamhtheachtaithe drugaí, lena n-áirítear trí chomhar idirnáisiúnta.

*Aithníonn sí* ról na n-ardán ar líne, lena n-áirítear margaí an idirlín dhorcha agus an gréasán oscailte, maidir le díol agus dáileadh drugaí sintéiseacha, substaintí sícighníomhacha nua agus a (réamh-)réamhtheachtaithe a éascú, agus *cuireann sí i bhfios go láidir* an gá atá le faireachán feabhsaithe, bearta éifeachtacha chun díolacháin ar líne a rialú, agus comhar neartaithe leis an earnáil phríobháideach.

*Cuireann sí i dtreis* a thábhachtaí atá an prionsabal maidir leis ‘an lorg airgid a leanúint’ agus atá imscrúduithe airgeadais mar phríomhuirlis chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le táirgeadh agus gáinneáil drugaí sintéiseacha, lena n-áirítear bearta chun sócmhainní a reo agus a choigistiú, criptea-airgeadraí san áireamh, atá nasctha le gníomhaíochtaí coiriúla, i gcomhréir le pacáiste an Aontais chun sciúradh airgid a chomhrac agus leis an Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[6].

*Aithníonn sí* na rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le diúscairt neamhdhleathach ceimiceán agus dramhaíola tocsainí ó tháirgeadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, agus *cuireann sí i dtreis* an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe chun damáiste don chomhshaol a íoslaghdú. *Tugann sí dá haire* go bhfuil coireanna comhshaoil fós ar na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha is brabúsaí mar a léiríodh sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcoireacht chomhshaoil trasteorann a chomhrac[7].

*Athdhearbhaíonn sí* nach mór saotharlanna aindleathacha drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua agus a (réamh-)réamhtheachtaithe a bhrath ar bhealach níos fearr, imscrúdú a dhéanamh orthu agus deireadh a chur leo, agus béim a leagan ar shábháilteacht pearsanra forfheidhmithe dlí a áirithiú agus ar chosaint an chomhshaoil mar a leagtar amach i rún 68/5 CND an 5 Márta 2025.

*Aithníonn sí* na patrúin éagsúla a bhaineann le táirgeadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua ar fud na mBallstát agus an tábhacht a bhaineann le feasacht staide fheabhsaithe, *inter alia*, trí bhailiú sonraí, comhroinnt faisnéise agus anailís chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlachtaí réigiúnacha agus chun freagairt orthu go héifeachtach.

*Cuireann sí i dtábhacht* an obair a dhéanann na Ballstáit, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Europol, CEPOL agus EUDA maidir le cláir oiliúna speisialaithe a chur ar fáil d’oifigigh forfheidhmiú dlí maidir le saotharlanna aindleathacha drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua agus a (réamh-)réamhtheachtaithe a bhrath, a láimhseáil go sábháilte agus deireadh a chur leo chun modhanna sábháilte agus éifeachtacha a áirithiú chun deireadh a chur le saoráidí táirgthe aindleathacha.

---

[6] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024).

[7] 14182/24.

*Aithníonn sí* an obair a dhéanann an tIonad Oiliúna Idirnáisiúnta maidir le saotharlanna folaitheacha a chomhrac, arna bhunú sa Pholainn agus arna cómhaoiniú ag an Aontas[8], mar aon le hionaid oiliúna chomhchosúla eile san Ísiltír, sa Bheilg agus sa Ghearmáin, maidir le hoiliúint speisialaithe a chur ar fáil go náisiúnta agus a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus maidir le malartú dea-chleachtas a chothú agus le dul i ngleic le táirgeadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua.

*Leagann sí béim ar* a thábhachtaí atá sé sineirgí a chruthú, i gcás inarb iomchuí, idir ionaid oiliúna atá speisialaithe i saotharlanna aindleathacha drugaí sintéiseacha agus saotharlanna aindleathacha substaintí sícighníomhacha nua san Aontas a chur ó mhaith go sábháilte chun malartú saineolais a neartú, modhanna comhsheasmhacha agus éifeachtúla a chur chun cinn agus cur chuige níos comhordaithe a chothú chun dul i ngleic go héifeachtach le táirgeadh drugaí sintéiseacha.

*Cuireann sí i dtreis* a riachtanaí atá iarrachtaí atá comhordaithe go hidirnáisiúnta ó na Ballstáit, ó institiúidí agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun díriú ar bhagairtí drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, trí idirphlé spriocdhírithe le réigiúin agus tíortha tosaíochta go sonrach, agus tríd an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar Bhagairtí Drugaí Sintéiseacha agus ar an leibhéal iltaobhach, lena n-áirítear Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha.

1. *Tathantaíonn sí ar* na Ballstáit agus ar institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais dlús a chur leis na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha agus ar bhagairtí substaintí sícighníomhacha nua, agus aird ar leith á tabhairt ar ópóidigh shintéiseacha agus ar chaitíonóin shintéiseacha, mar gheall ar a neartmhaire atá siad agus an baol ródháileoige a bhaineann leo.

2. *Tathantaíonn sí ar* na Ballstáit, ar institiúidí agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar tháirgeadh, ar gháinneáil agus ar úsáid drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, lena n-áirítear modhanna táirgthe, bealaí gáinneála, agus patrúin úsáide.

---

[8] Arna chómhaoiniú ag an gClár um Choireacht a Chosc agus a Chomhrac (ISEC).

3. *Molann sí do* na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais beartais chuimsitheacha atá bunaithe ar chearta an duine agus ar fhianaise a cheapadh agus a chur chun feidhme chun úsáid drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a chosc agus chun díobháil ghaolmhar a laghdú, lena n-ionchorpraítear oideachas, rannpháirtíocht an phobail, luath-idirghabháil, taighde leanúnach, bearta beartais spriocdhírithe, oiliúint ghairmiúil agus seirbhísí tacaíochta feabhsaithe.

4. *Molann sí do* na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais feabhas a chur ar fhaireachán, cur in iúl, comhordú agus malartú faisnéise ar bhealach struchtúrtha éifeachtach, go háirithe i measc gairmithe cúraim sláinte, seirbhísí forfheidhmithe dlí, seirbhísí custaim agus seirbhísí sóisialta, chun cuidiú le ráigeanna ópóideach sintéiseach a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, a luathbhrath agus a mhaolú.

5. *Iarrann sí* ar EUDA leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, i gcomhréir lena shainordú, i ndáil le córais náisiúnta faireacháin agus rabhaidh maidir le drugaí sintéiseacha chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin nua.

6. *Iarrann sí ar* na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar bhearta agus dea-chleachtais a cheapadh lena ndírítear ar dhíobháil sláinte agus shóisialta a laghdú trí sheirbhísí coisc, cóireála, cúraim agus téarnaimh, chomh maith le tionscnaimh laghdaithe riosca agus díobhála ar nós cláir malartaithe snáthaidí agus steallairí, teiripí ionadaithe le hóipiamóidigh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, agus cosc ródháileog, *inter alia,* trí oiliúint a chur chun cinn agus a chur ar fáil maidir le bainistiú ródháileog agus rochtain ar freasaithigh gabhdóra ópóidigh ar nós nalcocsóin nó cógais aisiompaithe eile le haghaidh ródháileog ópóideach mar bheart éigeandála tarrthála[9], mar chuid de chur chuige cothrom fianaise-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha. Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do thaighde agus do bhearta atá dírithe ar an dochar sláinte agus sóisialta a bhaineann le húsáid drugaí a laghdú, lena n-áirítear trí dheiseanna cistiúcháin.

---

[9] Rún CND 68/5, tuairim 1 (c), Márta 2025.

7. *Iarrann sí* ar na Ballstáit, agus é mar aidhm feasacht, fadbhreathnaitheacht agus ullmhacht atá bunaithe ar fhianaise a mhéadú maidir leis na bagairtí sláinte a eascraíonn as úsáid neamhliachta agus úsáid neamheolaíoch drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, scrúduithe fóiréinseacha, scrúduithe iarbháis agus tuairisciú tocsaineolaíoch a chur ar fáil agus a fheabhsú, i gcomhréir leis na creataí cosanta sonraí agus dlíthiúla is infheidhme — lena n-áirítear trí (bhréag)shonraí anaithnidithe i gcás inarb iomchuí — i gcásanna cóireála leighis (éigeandála) nó imscrúduithe ar thrúig bháis.

8. *Iarrann sí ar* na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar oideasú cógas ópóideach údaraithe agus ar a n-úsáid chun críoch eile seachas chun críoch údaraithe nó forordaithe, go háirithe i gcás éifeachtaí síceatrópacha neamhliachta, agus ar mhonarú, ar gháinneáil agus ar úsáid cógas ópóideach góchumtha.

9. *Molann sí* go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar chláir oiliúna speisialaithe bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil i bhfianaise na bagartha nua, d’oifigigh forfheidhmithe dlí nó do phearsanra ábhartha eile maidir le saotharlanna aindleathacha drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a bhrath, deireadh a chur leo agus iad a láimhseáil go sábháilte i gcomhar le Europol, CEPOL agus EUDA, go háirithe na cláir oiliúna speisialaithe a d’fhorbair an tIonad Oiliúna Idirnáisiúnta chun saotharlanna folaitheacha a chomhrac, atá lonnaithe sa Pholainn, agus ionaid oiliúna ábhartha eile san Aontas, lena n-áirítear iad siúd atá lonnaithe san Ísiltír, sa Bheilg, agus sa Ghearmáin.

10. *Molann sí* do ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Europol, CEPOL agus EUDA comhordú a dhéanamh, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, ar fhorbairt treoirlínte caighdeánaithe chun saotharlanna aindleathacha drugaí sintéiseacha a chur ó mhaith, lena n-áiritheofar sábháilteacht pearsanra forfheidhmithe dlí agus lena n-íoslaghdófar an damáiste don chomhshaol de dheasca dramhaíl thocsaineach, *inter alia*, d’fhonn go nglacfadh na hionaid oiliúna ábhartha san Aontas iad.

11. *Iarrann sí* ar an gCoimisiún Eorpach, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ar nós EUDA, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le nuashonruithe a dhéanamh ar an gcreat reachtach maidir le réamhtheachtaithe drugaí agus substaintí sícighníomhacha nua chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, mar shampla, réamhtheachtaithe agus réamhtheachtaithe masctha a bheith á n-úsáid, lena n-áiritheofar go ndéanfar faireachán éifeachtach ar atreorú na réamhtheachtaithe agus na réamhtheachtaithe masctha sin agus go gcuirfear cosc éifeachtach ar a n-atreorú.

12. *Iarrann sí* ar na Ballstáit comhroinnt faisnéise a chothú agus iarrann sí ar Europol feabhas a chur ar thacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit chun táirgeadh agus gáinneáil drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua agus (réamh-)réamhtheachtaithe a chomhrac, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí coiriúla trasteorann agus ar shlabhraí soláthair.

13. *Iarrann sí ar* an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit an comhar a neartú leis an Líonra Eorpach maidir leis an gCur Chuige Riaracháin chun dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe (ENAA) agus le heintitis san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear cuideachtaí ceimiceacha agus cógaisíochta, seirbhísí poist agus seachadta, chomh maith le gníomhaireachtaí cosanta comhshaoil na mBallstát, chun cosc a chur ar dhearbhú bréagach agus atreorú réamhtheachtaithe agus feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar idirbhearta amhrasacha, agus ualaí riaracháin neamhriachtanacha ar thrádáil dhlisteanach á seachaint ag an am céanna.

14. *Molann sí* go ndéanfaí an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus reachtaíocht ábhartha eile a chur chun feidhme go héifeachtach chun an spás digiteach a chosaint ar bhagairtí sintéiseacha drugaí agus substaintí sícighníomhacha nua.

15. *Tathantaíonn sí ar* na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí fáltais ó choireacht a rianú, a reo agus a choigistiú, lena n-áirítear criptea-airgeadraí, a eascraíonn as táirgeadh agus gáinneáil neamhdhleathach drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua i gcomhréir le pacáiste an Aontais maidir le Comhrac an Sciúrtha Airgid agus leis an Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, agus leas a bhaint as an bhféidearthacht Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a bhunú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus an earnáil phríobháideach i gcomhréir le pacáiste an Aontais maidir le Comhrac an Sciúrtha Airgid.

16. *Iarrann sí ar* na Ballstáit, ar institiúidí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais dlús a chur leis an gcomhar polaitiúil agus oibríochtúil le tríú tíortha, ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach chun na bagairtí nua a chur san áireamh agus chun cur isteach ar na bealaí gáinneála réamhtheachtaithe agus drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua, ag tógáil freisin ar shaineolas Oifigigh Idirchaidrimh an Aontais agus ar chomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana.

17. *Molann sí* aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua agus a (réamh-)réamhtheachtaithe i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais agus na mBallstát maidir le drugaí, lena n-áirítear cláir fothaithe acmhainneachta do thíortha idirthurais agus foinseacha, agus comhleanúnachas á áirithiú ag an am céanna le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025 agus leis an gcreat straitéiseach ina dhiaidh sin.

18. *Molann sí* don Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí, mar an príomhchomhlacht comhordaithe um beartas drugaí, faireachán a dhéanamh ar na forbairtí a bhaineann leis an gComhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach.

19. *Molann sí* do na Ballstáit a n-iarrachtaí náisiúnta a ailíniú le spriocanna straitéiseacha agus pleananna gníomhaíochta oibríochtúla EMPACT maidir le drugaí sintéiseacha.

20. *Molann sí* go dtabharfaí isteach bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha i gcreat straitéiseach an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le drugaí, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta nua maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac.